Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12621/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0256 (NLE)**

**PECHE 335**
**UD 186**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021–2023 |

**RIALACHÁN (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-  osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021–2023**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi láthair, bíonn soláthairtí tháirgí iascaigh áirithe an Aontais ag brath ar allmhairí ó thríú tíortha. Le blianta fada anuas, tá an tAontas ag brath níos mó ar allmhairí chun a dtomhaltas táirgí iascaigh a shásamh. Ionas nach gcuirtear táirgeacht tháirgí iascaigh an Aontais i mbaol agus chun a áirithiú go bhfuil soláthar leordhóthanach ann do thionscal próiseála an Aontais, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin ar líon áirithe táirgí iascaigh a chur ar fionraí nó a laghdú laistigh de tharaif-chuótaí méid iomchuí.

(2) Le Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle[1], osclaítear agus foráiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe don tréimhse 2021-2023. Cinneadh méideanna iomchuí le haghaidh gach taraif-chuóta chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach ann do thionscal próiseála an Aontais le haghaidh na tréimhse sin.

(3) Leasaíodh Rialachán (AE) 2020/1706 an 19 Iúil 2021 le Rialachán 2021/1203 ón gComhairle[2] trí chuótaí nua, i measc cuótaí eile, a mbeidh feidhm acu go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022, a chur leis mar gheall ar dhul in éag prótacal déthaobhach le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua lena ndéantar foráil maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh.

---

[1] Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena n- osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023 (IO L 385, 17.11.2020, lch. 3).

[2] Rialachán (AE) 2021/1203 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh (IO L 261, 22.7.2021, lch. 1-3).

(4) Mar sin féin, an chaibidlíocht i ndáil le prótacail nua bhreise le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua, ar prótacail iad lena ndéantar foráil maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh, ní thabharfar i gcrích í roimh an 31 Deireadh Fómhair 2022.

(5) Is gá, dá bhrí sin, cuótaí nua a bhunú a mbeidh feidhm acu go dtí deireadh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1706.

(6) Ar chúiseanna práinne chun ganntanas ábhar iascaigh saor ó dhleacht lena bpróiseáil san Aontas a sheachaint, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1706 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

# IARSCRÍBHINN

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1706, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. an ordaithe | Cód AC | Cód TARIC | Tuairisc | Méid bliantúil an chuóta (tonnaí)[1] | Dleacht an chuóta | Tréimhse an chuóta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 09.2509 | ex 1604 12 91 | 13 | Scadáin, spíosraithe agus/nó fínéagarleasaithe, faoi sháile, lena bpróiseáil | 17 500 (glanmheáchan silte) | 0 % | 1.11.2022–31.12.2023 |
| | | 93 | | | | |
| | ex 1604 12 99 | 16 | | | | |
| | | 17 | | | | |
| 09.2510 | ex 0303 51 00 | 10 | Scadáin (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite, lena bpróiseáil[2] | 11 670 | 0 % | 1.11.2022–31.12.2023 |
| | | 20 | | | | |

[1] Arna sloinneadh i nglanmheáchan mura sonraítear a mhalairt.

[2] Ón 15 Feabhra go dtí an 15 Meitheamh, ní dheonófar tairbhe an taraif-chuóta d’earraí a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht.

| Uimh. an ordaithe | Cód AC | Cód TARIC | Tuairisc | Méid bliantúil an chuóta (tonnaí)[1] | Dleacht an chuóta | Tréimhse an chuóta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 09.2512 | | | Iasc reoite, lena bpróiseáil | 3 850 | 0 % | 1.11.2022–31.12.2023 |
| | 0303 55 30 | 10 | Bolmáin Shileacha (*Trachurus murphyi*) | | | |
| | ex 0303 55 90 | 95 | Iasc eile *Trachurus* spp., seachas *Trachurus trachurus*, *Trachurus murphyi* agus bolmáin (*Caranx trachurus*) | | | |
| | 0303 56 00 | 10 | Cóibia (*Rachycentron canadum*) | | | |
| | 0303 69 90 | 10 | Iasc eile | | | |
| | 0303 89 90 | 11 | | | | |
| | | 21 | | | | |
| | | 30 | | | | |
| | | 91 | | | | |
| | 0303 82 00 | 10 | Roic agus sciataí (*Rajidae*) | | | |
| | 0303 89 55 | 10 | Garbhánaigh órcheannacha (*Sparus aurata*) | | | |

| Uimh. an ordaithe | Cód AC | Cód TARIC | Tuairisc | Méid bliantúil an chuóta (tonnaí)[1] | Dleacht an chuóta | Tréimhse an chuóta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 09.2513 | 0304 86 00 | 20 | Filléid scadán (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite, lena bpróiseáil | 29 170 | 0 % | 1.11.2022–31.12.2023 |
| | ex 0304 99 23 | 10 | Flapaí scadán (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite, lena bpróiseáil[1] | | | |
| | | 20 | | | | |
| 09.2514 | 0304 49 50 | 10 | Filléid péirsí mara (*Sebastes* spp.), úr nó fuaraithe, lena bpróiseáil | 1 520 | 0 % | 1.11.2022–31.12.2023 |

[1] Ón 15 Feabhra go dtí an 15 Meitheamh, ní dheonófar tairbhe an taraif-chuóta d'earraí a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht.